

[03_01.mp3](#)

Bileog 3.1

- Cara: Hi a Chiara, cén chaoi a bhfuil tú? Cá bhfuil tusa ag cur fút anois?
Ciara: Tá mé i mBéal Feirste. Tá árasán ar cíós agam féin agus Eibhlín ansin. Tá sí sin ar an Ollscoil liomsa chomh maith. Agus cá bhfuil tú féin i do chónaí?
Cara: Tá mise i mBaile Átha Cliath go fóill. Bhí mé ar an Ollscoil i nGaillimh ach d'aistrigh mé abhaile, ní raibh dúil ar bith agam san Ollscoil ansin.
Ciara: Tá Clár s'againne sa bhaile chomh maith agus tá sí breá sásta. Ní chaithfidh sibh a bheith ag déileáil le tiarna talún gach mí.
Cara: Tá an ceart ar fad agat agus bíonn dinnéar deas réidh gach tráthnóna i ndiaidh na hollscoile.

[03_08.mp3](#)

Bileog 3.8

Bhíos i mo chónaí in árasán i mBaile Átha Cliath ar feadh tamall fada. Cé nach raibh an cíós ró-ard agus cé go raibh an tiarna talún go breá bhíos ag iarraidh mo theach féin a cheannach. Cheannaíodh teach i nGaillimh bliain ó shin agus tá a lán oibre le déanamh agam go fóill leis. Caithfidh mé díon nua a chur air, rud atá ana-chostasach! Chomh maith leis sin tá an gairdín le déanamh agam, tá orm crainn agus plandaí a chur. Ach is é an rud is mó atá le déanamh agam go fóill is dócha ná an trealamh ar fad a cheannach – inneall níocháin, niteoir soithí agus a leithéid.